

### Focal scoir ón eagarthóir

Bhí sé mar phribhléid dom an bhileog eolais seo a chur le chéile thar roinnt mhaith blianta anuas. Tugann an bhileog eolais léargas do phobal na scoile ar shaol na scoile. Cuirtear na bileoga eolais ar an suíomh agus beidh daoine in ann féachaint ar ais sna blianta atá romhainn agus blaisín de GCCD a fháil ag amanna éagsúla.

Beidh duine eile ag tabhairt faoin ról seo sa scoilbhliain nua. Leanaigí ar aghaidh ag seoladh na scéaltaí iontacha faoi scoláirí chuig [eolas@gccd.ie](mailto:eolas@gccd.ie) ionas go mbeadh pobal na scoile in ann iad a chéiliúradh freisin!

Mar thuismitheoir agus mar mhúinteoir, táim fíorbhuíoch as gach rud a thug GCCD dúinn mar theaghlach. Tá sé fíorthábhachtach go mbíonn deis ann do dhaoine oideachas lán-Ghaeilge d'ardchaighdeán a fháil ina gceantar féin.

Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach go mbíonn deiseanna ann sa 'ghnáthshaol' an Ghaeilge a úsáid. Beidh mé ag leanúint ar aghaidh le mo ról deonach mar chathaoirleach ar Chill Dara le Gaeilge chun deiseanna a fheabhsú don phobal uiligh.

### Ar lean...

Má tá spéis agat cabhrú leis an obair shásúil sin, tar i dteagmháil liom ag [siobhain@cilldaralegaelge.ie](mailto:siobhain@cilldaralegaelge.ie)

Míle buíochais as bhur gcuid tacaíochta thar na blianta. Ní bhíonn an deis ag gach éinne obair le Gaeilgeoirí óga gach lá agus táim fíorbhuíoch go raibh an deis sin agam.

Siobhain Grogan



### Comhghairdeas!

Comhghairdeas le Saoirse (2E) a bhain an dara háit amach i gcomórtas ealaíne SnaG le déanaí. Tháinig Fia agus Kate ó Chill Dara le Gaeilge chun a duais a bhronnadh uirthi inné.



### Nath Folláine na Seachtaine:

Déan rud éigin speisialta do dhlúthchara.

### Bronnadh na ngradam

Comhghairdeas le gach duine a ainmníodh agus a bhuaigh gradam. Seolfar eagrán speisialta den bhileog eolais, leis na sonraí ar fad inti, an tseachtain seo chugainn. Ár mbuíochas le Ger a d'eagraigh an ócáid.

### Na gailearaithe

Tá an gailearaí do na gradaim shinsearachacha [anseo](https://cilldaralegaelge.ie/donall-o-riagain-1941-2026/).



Tá an gailearaí do na gradaim shóisearacha [anseo](https://cilldaralegaelge.ie/donall-o-riagain-1941-2026/).



Tá an gailearaí do ghradaim na hIB [anseo](https://cilldaralegaelge.ie/donall-o-riagain-1941-2026/).



### Cruinneas na Gaeilge

Botún coitianta:

~~tar éis an tsamhradh~~  
~~roimh an tsamhradh~~

An leagan ceart:

tar éis an tsamhradh  
roimh an tsamhradh

(TG i ndiaidh 'tar éis', ach ní i ndiaidh 'roimh')

### Laoch ar lár

Thug roinnt baill foirne agus scoláirí GCCD garda onóra do Dhónall Ó Riagáin agus é ar a thuras deireanach ón mbaile inné. D'imigh Dónall ar shlí na fírinne Dé hAoine seo caite. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí Scoil Chrónáin i Rath Chúil. Go raibh leaba i measc na Naomh ag Dónall. <https://cilldaralegaelge.ie/donall-o-riagain-1941-2026/>



### Scrúduithe tí

Cuireadh deireadh leis na scrúduithe tí inniu. Beidh na múinteoirí gnóthach i mbun ceartúchán ar feadh tamaill. Beidh na tuairiscí ar fáil ar Tyro nuair a bheidh an obair sin curtha i gcrích.

### Dátaí Tábhachtacha

**03 Meith:** Scrúduithe stáit

**21 Lún.:** Torthaí na hArdteiste ar fáil

**28 Lún.:** Bliain 1 istigh

**31 Lún.:** Bl. 1, 3 agus 6 istigh


**1 MF:** Bl. 1, 2, 3, 5, 6 istigh

Tá gach eolas reatha ar fáil ar [www.gccd.ie](https://www.gccd.ie).

**Seanfhocal na Seachtaine (33):**

Ní bhíonn toit gan tine.

29 May 2026



### Editor's final word

It has been a privilege for me to compile this newsletter for almost seven years. The newsletter gives the school community a glimpse of school life. The newsletters are uploaded to our website and people will be able to look back in the years to come and get a taste of GCCD at different times.

Someone else will be taking on this role in the new school year. Continue to send your great stories about students to [eolas@gccd.ie](mailto:eolas@gccd.ie) so that the school community can celebrate them too! As a parent and teacher, I am truly grateful for everything GCCD has given us as a family. It is very important that people have the opportunity to receive a high quality Irish-medium education in their own area.

It is also important that there are opportunities in 'everyday life' to use Irish. I will be continuing my voluntary role as chairperson of Cill Dara le Gaeilge to improve opportunities for the whole community.

### Continued...

If you are interested in helping with that rewarding work, please contact me at [siobhain@cilldaralegaelge.ie](mailto:siobhain@cilldaralegaelge.ie)

Many thanks for your support over the years. Not everyone has the opportunity to work with young Irish speakers every day and I am very grateful that I had that opportunity.

Siobhain Grogan



### Congratulations!

Congratulations to Saoirse (2E) who won second place in the recent SnaG art competition. Fia and Kate from Cill Dara le Gaeilge came to present her with her prize yesterday.



### Wellbeing phrase of the Week:

Do something special for a dear friend.

### School Awards Ceremony

Congratulations to everyone who was nominated and who received an award at the school awards ceremony. There will be a special edition of the bileog eolais sent out next week with all the details. Thank you to Ger who organised the event.

#### The galleries

The gallery for the senior awards is [here](#).



The gallery for the junior awards is [here](#).



The gallery for the TY awards is [here](#).



### Accuracy in Irish

#### Common mistake:

~~tar éis an samhradh~~  
~~roimh an tsamhraidh~~

#### The correct version

tar éis an tsamhraidh  
roimh an samhradh

### An Irish language legend has passed

A number of GCCD staff and students formed a guard of honour for Dónall Ó Riagáin on his last journey from home yesterday. Dónall passed away last Friday. He was one of the founders of Scoil Chrónáin in Rathcoole. May he rest in peace.

<https://cilldaralegaelge.ie/donall-o-riagain-1941-2026/>



### House Exams

The last of our summer house exams took place today. Our teachers will be busy correcting for the next few weeks. Reports will be available on Tyro when this work is finished.

### Important dates

**03 June:** State exams

**21 Aug.:** LC results

**28 Aug.:** 1<sup>st</sup> Yrs in school

**31 Aug:** 1<sup>st</sup>, 3<sup>rd</sup> and 6<sup>th</sup> Yrs in school

**1 Sept:** 1<sup>st</sup>, 2<sup>nd</sup>, 3<sup>rd</sup>, 5<sup>th</sup> and 6<sup>th</sup> Yrs in school

All up-to-date info is on [www.gccd.ie](http://www.gccd.ie).

### Weekly saying (33):

There's no smoke without fire.